Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14746/19**

**DAPIX 360**
**CT 132**
**ENFOPOL 527**
**AVIATION 245**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 2 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14061/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le raon feidhme úsáid na sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a leathnú chun cineálacha iompair eile a chuimsiú le cois an aerthráchta<br>– Conclúidí ón gComhairle (2 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le raon feidhme úsáid na sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a leathnú chun cineálacha iompair eile a chuimsiú le cois an aerthráchta, a ghlac an Chomhairle ag an 3735ú cruinniú a bhí aici, ar an 2 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le**

**raon feidhme úsáid na sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a leathnú chun cineálacha iompair eile a chuimsiú le cois an aerthráchta**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le PNR[1] maidir le sonraí PNR a bhaineann le haerthrácht agus nach gcuimsítear léi aon chineál iompair eile. Féadfaidh cineálacha éagsúla sonraí a bheith in PNR, amhail dátaí taistil, cúrsa taistil, faisnéis an ticéid taistil, sonraí teagmhála, gníomhaire taistil trínar cuireadh an eitilt in áirithe, na modhanna íocaíochta a úsáideadh, uimhir shuíocháin agus faisnéis faoi bhagáiste. Tá ceangal ar aeriompróirí na sonraí cláraithe do gach paisinéir ar eitiltí lasmuigh den Aontas a aistriú, agus féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an oibleagáid chéanna a chur i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas.

AITHNÍONN SÍ go bhfuil méadú ag teacht ar an méid tráchta laistigh agus lasmuigh de limistéar Schengen. Chomh maith le haerthrácht, iompraíonn báid farantóireachta, longa, báid, traenacha agus busanna líon mór paisinéirí thar na teorainneacha go laethúil.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE go meastar go bhfuil bailiú agus anailísiú sonraí PNR agus sonraí réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí (API) atá dlúthbhainteach leo tábhachtach chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac. Trí shonraí PNR agus API a láimhseáil agus a anailísiú, déantar gníomhaíochtaí agus acmhainní na n-údarás forfheidhmithe dlí a dhíriú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbailítear sonraí PNR cheana féin i roinnt Ballstát i leith cineálacha iompair eile le cois an aerthráchta. Ach ní rialaítear, áfach, ar leibhéal an Aontais, bailiú agus próiseáil shonraí PNR maidir leis na cineálacha iompair eile sin.

[1] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, IO L 119/132, 4.5.2016.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE tionscnamh na hUachtaránachta tús a chur le plé sa Mheitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) i ndáil le raon feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le PNR a leathnú chun cineálacha iompair eile le cois an aerthráchta a áireamh, más iomchuí.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh an phlé sin[2], inar chuir roinnt Ballstát fáilte roimh thionscnamh na hUachtaránachta agus inar aithin siad an breisluach a d'fhéadfadh a bheith ann chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE na hábhair imní a chuir na toscaireachtaí in iúl maidir leis an uainiú agus maidir leis na dúshláin dhóchúla dhlíthiúla, theicniúla agus airgeadais, go háirithe i ndáil le cearta bunúsacha agus le prionsabail na comhréireachta agus an riachtanais.

MEABHRAÍTEAR DI an moladh ó na toscaireachtaí measúnú críochnúil tionchair a dhéanamh, ina gcuirfear san áireamh toradh an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le PNR, beartaithe don bhliain 2020 de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 19 den Treoir agus toradh an mheasúnaithe reatha ar an Treoir dhlúth-chomhghaolaithe maidir le API.

MOLANN SÍ dá bhrí, sin tar éis an athbhreithnithe ar PNR, go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú críochnúil tionchair i ndáil le raon feidhme na Treorach maidir le PNR a leathnú chun cineálacha taistil trasteorann le cois an aerthráchta a áireamh.

CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé tábhachtach, agus an measúnú tionchair á dhéanamh, mionstaidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna dlíthiúla, oibríochtúla, teicniúla agus eile, go háirithe:

- na cineálacha iompair atá le cur san áireamh,
- an tionchar ar chearta bunúsacha, amhail cosaint sonraí agus saoirse gluaiseachta laistigh de chríoch na mBallstát,
- a mhéid a bhailíonn oibreoirí a bhíonn ag déileáil le modhanna iompair eile sonraí PNR sa ghnáthchúrsa gnó cheana, agus an tionchar a bheadh ag próiseáil éigeantach bhreise ar a sonraí gnó,

[2] 11433/19

- bailiú éigeantach tacair íosta de shonraí paisinéirí, agus an tionchar a bheadh ag bailiú den sórt sin ar iompróirí, ar thaistealaithe agus ar phróiseáil uathoibrithe shonraí PNR laistigh den aonad um fhaisnéis faoi phaisinéirí (PIU),
- an tionchar ar roghanna taistil a úsáidtear go forleathan le ticéid sholúbtha nach bhfuil sannta do dhuine ar leith ná do nasc ar leith, i.e. an bhféadfaí srian nó bac a chur ar úsáid ticéad den sórt sin dá leathnófaí raon feidhme na Treorach maidir le PNR,
- easpa prótacal coiteann agus formáidí sonraí coiteanna,
- comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus an riachtanais,
- na riachtanais dhifriúla sna Ballstáit mar gheall ar a suíomh geografach,
- na costais ar an earnáil phoiblí agus ar an earnáil phríobháideach araon, go háirithe na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar staid eacnamaíoch iompróirí.

TÁ SÍ DEN TUAIRIM gurb é is aidhm do mheasúnú tionchair den sórt sin féachaint ar a riachtanaí agus a indéanta atá sé sonraí PNR a bhailiú, a stóráil agus a phróiseáil ó chineálacha iompair trasteorann eile le cois an aerthráchta.